

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(2022/C 454/08)

Leis an bhfoilsíú seo, tugtar an ceart freasúra a thaisceadh de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ laistigh de 3 mhí ó dháta foilsithe an iarratais seo.

DOICIMÉAD AONAIR

“SLAVONSKA KOBASICA”

Uimh. AE: PGI-HR-02441-17.10.2018

STFC () TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]**

“Slavonska kobasica”

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Chróit

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *Cineál táirge*

1.2. Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Ispín leasaithe coipthe is ea é “*Slavonska kobasica*” atá déanta as feoil agus saill muiceola meilte (inarb é 70 % ar a laghad an cion feola), agus salann agus luibheanna cócaireachta breise curtha isteach ann (paiprice milis agus te, piobar meilte agus gairleog), atá líonta isteach i stéig bheag muice. Maireann an próiseas táirgthe 45 lá ar a laghad, agus le linn an phróisis sin, téann stéig bheag líonta na muice (an “*Slavonska kobasica*” amh) faoi phróisis an choipthe, an deataithe, an triomaithe agus an aibithe, san ord sin. Déantar “*Slavonska kobasica*” a tháirgeadh i rith na bliana. Tá cruth sorcóireach fadaithe ar “*Slavonska kobasica*”. Bíonn gach ispín i bpéire 35 cm ar a laghad ar fad agus 2–3 cm ar trastomhas; bíonn dath na cásála idir dorcha donn agus dearg agus gan aon smál, músacán dromchla, roc ná damáiste uirthi; bíonn an uigeacht teann agus soshínte gan a bheith mar a bheadh rubar ann; is furasta é a ghearradh ina shlisíní agus é a chogaint agus ní dhéantar mionúch de nuair a ghearrtar ina shlisíní é; bíonn trasghearradh an líonta idir donn agus dúdhearg, ach amháin i gcás an fhíocháin shailligh, a bhféadfadh dath idir bán agus oráiste a bheith air; bíonn

(1) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

cuma mósáice ar an trasghearradh a bhuíochas le dáileadh agus méid cothrom na bpíosáí feola agus an fhíocháin shailligh; i dtrasghearradh an líonta bíonn an chuma air go bhfuil an líonadh dlúthaithe, gan aon pholl nó scoilt ann, agus ní bhíonn aon imeall dorcha suntasach ann go díreach faoin gcásáil; bíonn boladh deataigh fuinseoige, crainn shleamhain nó feá uaidh ar an taobh amuigh agus boladh feola coipthe agus gairleoige ar an taobh istigh; an blas a bhíonn air, is meascán comhchuí é an blas den fheoil choipthe, salann, gairleog, paiprice agus piobar meilte, rud a thugann blas rud beag spíosrach dó, gan aon bhlas searbh nó aigéadach air.

Is iad seo a leanas na hairíonna fisiceimiceacha atá ag “*Slavonska kobasica*”:

Cion saille $\leq 40\%$, agus

Gníomhaíocht an uisce (aw): $\leq 0,90$

Ní mór meáchan 450 g ar a laghad a bheith i bpéire amháin de “*Slavonska kobasica*”. Féadfar “*Slavonska kobasica*” a dhíol ina iomláine nó réamhphacáilte (gearrtha ina slisní).

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Déantar “*Slavonska kobasica*” as feoil agus saille muiceola meilte a fhaightear ó mhuca ramhráithe nó ó chránacha atá 12 mhí d’aois ar a laghad agus a bhfuil meáchan coirp deiridh 140 kg ar a laghad iontu, agus nach bhfuil sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh pórúcháin. Ceadaítear feoil agus saille phórtha uatheascarthacha mhuca dubha na Slavóine agus feoil muc folaíochta agus a gcrosphórtha a úsáid (seachas muca hibrideacha, an pór *Piétrain* agus a chrosphórtha). Tá líonadh “*Slavonska kobasica*” comhdhéanta de 70 % muiceola ar a laghad de chatagóirí-II agus III (feoil ghualainn gan cosa tosaigh, muineál, cliathán ná brollach). Féadfar suas le 30 % den fheoil i gcatagóir II agus III a chur in ionad feola chatagóirí-I (cos gan lorga, matán cúil). Seachas an fheoil, d’fhéadfadh suas le 30 % de líonadh “*Slavonska kobasica*” a bheith ina fhíochán sailleach teann. Ní mór an chásáil a bheith déanta as stéig bheag ghlanta dhraenáilte muice (*L. intestinum tenue*), a chastar uair amháin sa lárphointe, sula gcuirtear ar crochadh é ar chuailí adhmaid, agus a fhilltear ar ais ansin chun dhá leath comhionann a chruthú (próiseas ar a dtugtar “péireáil”). Déantar líonadh “*Slavonska kobasica*”, i.e. feoil mheilte, a bhlaistiú le salann cócaireachta, paiprice te agus milis, piobar meilte agus gairleog, agus ansin a homaiginiú trí mheascadh.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a thógáil sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór próiseas iomlán tháirgeadh “*Slavonska kobasica*”, arb é atá ann ullmhú an líonta, coipeadh, deatú, triomú agus aibiú, a dhéanamh sa limistéar geografach a shainítear i bpointe 4.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Ní mór “*Slavonska kobasica*” a tháirgeadh laistigh de limistéar riaracháin na gcontaetha, na mbailte agus na mbardas seo a leanas i réigiún na Slavóine:

1. Sna bailte agus sna bardais seo a leanas amháin atá suite i gContae Osijek-Baranja: na bailte Belišće, Donji Miholjac, Đakovo, Našice, Osijek agus Valpovo; na bardais Antunovac, Bizovac, Čepin, Donja Motičina, Drenje, Đurđenovac, Erdut, Ernestinovo, Feričanci, Gorjani, Koška, Levanjska Varoš, Magadenovac, Marijanci, Podravska Moslavina, Petrijevci, Podgorač, Punitovci, Satnica Đakovačka, Semeljci, Strizivojna, Šodolovci, Trnava, Viljevo, Viškovci, Vladislavci agus Vuka.
2. Áit ar bith i gContae Vukovar-Syrmia.
3. Áit ar bith i gContae Slavonski Brod-Posavina.
4. Áit ar bith i gContae Virovitica-Podravina.
5. Áit ar bith i gContae Požega-Slavonia.

Tá réigiún na Slavóine suite in oirthuaisceart na Cróite agus tá trí abhainn mar teorainn leis: an Drava ó thuaidh (an teorainn leis an Ungáir), an Sava ó dheas (an teorainn leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin) agus an Danóib thoir (an teorainn leis an tSeirbia).

5. Nasc leis an limistéar geografach

Tá an nasc idir “*Slavonska kobasica*” agus an limistéar geografach bunaithe ar cháil sheanbhunaithe an táirge.

Is í an tSlavóin príomhréigiún talmhaíochta na Cróite. Chomh maith lena thalamh talmhaíochta torthúil, tá an tSlavóin saibhir i gcoillearnach (foraoisí darach) agus féaraigh, a bhain tairbhe le fada an lá as forbairt an táirgthe talmhaíochta agus beostoic, go háirithe feirmeoireacht na muc. Thosaigh forbairt fheirmeoireachta na muc sa tSlavóin tar éis shaoradh an réigiúin ó na hOtamánaigh, ag díriú ar dtús ar tháirgeadh bagúin agus saille. Ina dhiaidh sin, le linn na monarchachta Ostra-Ungáirí, cuireadh tús le lonnáiocht bheartaithe na nGearmánach, na nUngárach agus na Seiceach, ar chuidigh a dtáithí siúd le forbairt cheird an bhúistéara sa tSlavóin, agus ar tugadh an fios gnó agus an saineolas a bhí acu ar an táirgeadh ispíní agus feola triomaithe d’oibríthe fheirmeacha na Slavóine.

Thuill “*Slavonska kobasica*” a cháil óna oideas traidisiúnta, a úsáidtear go dtí an lá seo agus a bhfuil ról lárnach aige i bhforbairt a saintréithe sonracha orgánaileipteacha. Is éard atá san oideas traidisiúnta le haghaidh “*Slavonska kobasica*”, i.e. a chomhábhair, feoil muiceola meilte (70 % ar a laghad), fíochán sailleach teann agus an blastanas nádúrtha a úsáidtear de ghnáth i ngastranamaíocht na Slavóine (salann cócaireachta, gairleog, piobar, pairprice te agus milis). Cuireann deatú “*Slavonska kobasica*” – atá ina chuid den mhodh táirgthe traidisiúnta freisin – le rath choipeadh agus thriomú “*Slavonska kobasica*”. Deatach déanta as dóchán neamhiomlán (cnádú) mine saibh nó as scamhacháin fuinseoige, crua-adhmad crainn sleamhain nó féa, i gcás nár chóir go teocht an deataigh a bheith níos mó ná 25 °C, cabhraíonn sé le “*Slavonska kobasica*” a bholadh sainiúil deataigh, feola coipthe agus gairleoige a fháil. Cuireann pairprice milis, go háirithe pairprice te, a chuirtear leis i gcainníochtaí éagsúla de réir éilimh an tomhaltóra, le blas “*Slavonska kobasica*” freisin.

Tá an dea-cháil “*Slavonska kobasica*” léirithe ag a úsáid traidisiúnta mar bhronntanas luachmhar nó ag príomhimeachtaí na heaglaise, cosúil le beannú na bhfionghort Lá Naomh Uinseann, nuair a chrochtar é ar fíniúnacha mar chomhartha torthúlachta. Maireann an gnáthamh seo, a bhfuil tábhacht mhór ag baint leis don tSlavóin, go dtí an lá inniu agus tugadh tuairisc ar an ngnáthamh seo i meáin éagsúla, lena n-áirítear an sliocht seo a leanas ón láithreán gréasáin *Požeski vodič: “Očhe gheimhridh shneachtúil, cnagarnach na tine agus fuaimeanna an tamburica [...] liamhás, iasc, agus cáis na Hltria agus kobasica, scónaí, friochtóga Slavonska [...] chomh maith le fion baile chuireann brí san anam — is é sin ceiliúradh Lá Naomh Uinseann anocht in Velika”* (Požeski vodič (2019), Vinkovo u Velikoj); nó an t-alt seo a leanas ó láithreán gréasáin Chontae Virovitica-Podravina: “*Ina dhiaidh sin, bheannaigh sagart pharóiste Orahovica an fionghort [...], fad is a bhí na fíniúnacha [...] agus ispíní na Slavóine á gcroitheadh le fion ag an óstach [...] ionas go mbeidh an bhliain measach agus torthúil. Tar éis an tsearmanais, bhí amhránaithe na Slavóine ag cur ceoil go frathacha mar a bhailigh na haionna cois tine faoi Shliabh Papuk agus iad ag baint súmóga as scoth na fiona ó Orahovica.*” (Virovitica-Podravina (2020), *Neka vinogradarska godina bude Rodna i plodna* [Go raibh bhliain an fhionsaothraithe measach agus torthúil]).

Le forbairt na turasóireachta tuaithe, go háirithe le tamall de bhlianta anuas, tá “*Slavonska kobasica*” ina chuid riachtanach de chócaireachta na Slavóine a bhíonn ar bheagnach gach biachlár bialainne, agus tá spéis ann anois ina tháirgeadh tráchtála, ar spéis í atá ag fás. Tá dea-cháil “*Slavonska kobasica*” agus an tábhacht a bhaineann leis don tSlavóin léirithe ag an bhfíric go bhfuil Dámh na Teicneolaíochta Bia in Osijek tar éis oiliúint a thairiscint do tháirgeoirí “*Slavonska kobasica*” ar fheirmeacha teaghlaigh ó bhí 2014 ann, mar chuid dá chlár oideachais ar feadh an tsaoil.

Tugadh cuireadh do tháirgeoirí “*Slavonska kobasica*” páirt a ghlacadh in aontaí trádála éagsúla, rud a dhearbhaíonn an dea-cháil atá air. Ag an gcomórtas náisiúnta is mó do tháirgeoirí ispíní, a reáchtáiltear go traidisiúnta in Istria mar chuid den aonach idirnáisiúnta “*S klobasicom u EU*”, tá tháirgeoirí “*Slavonska kobasica*” tar éis dul in iomaíocht go rathúil le níos mó ná 70 tháirgeoir ispíní de chineálacha éagsúla chun teidil agus boinn airgid agus óir a bhuanach, mar a thuairiscíodh i meáin éagsúla, lena n-áirítear Radio Slavonija agus suíomh gréasáin nuachta bhaile Županja. In alt dar teideal “*Ár bhfeirmeacha teaghlaigh ag an 6ú aonach idirnáisiúnta ‘S klobasicom u Europu’ in Istria*”, tuairiscíonn Radio Slavonija gur bhuaigh tháirgeoirí amháin ó Chontae Slavonski Brod-Posavina an bonn óir do “*Slavonska kobasica*” (Radio Slavonija, 6.3.2018). In alt dar teideal “*Success at the ‘S klobasicom u EU’ – Ispíní ó Chontae Posavina a bhuaigh an bonn óir*”, tuairiscíonn Županjac – suíomh gréasáin nuachta bhaile Županja – go bhfuil “*go ndearna tháirgeoirí as Contae Posavina smionagar den iomaíocht*”, agus bhuaigh dhá tháirgeoir an bonn óir agus gur bhuaigh dhá cheann acu an bonn airgid don “*Slavonska kobasica*”. (Županjac, 7.3.2018) Tuairiscíodh sa chlár teilifíse “*Boje Zemlje*” gur bhuaigh “an feirmeoir Zvonko Arić teideal an chraobhchomórtais do Slavonska kobasica” (9.4.2019), agus “*Bua do mhuintir na Slavóine ag aonach ‘S klobasicom u Europu’ an ceannlíne a bhí ar an suíomh gréasáin ‘Agroklub’*” (8.3.2018). Feabhsaíodh clú “*Slavonska kobasica*” freisin le himeachtaí traidisiúnta agus comórtais do tháirgeoirí, lena n-áirítear na féilte ispíní “*Kobasicijada*” in Donji Miholjac agus “*Donjogradska kobasijada*” in Osijek, áit a gcuirtear “*Slavonska kobasica*” chun cinn, ina mblaisteair é agus ina ndéantar breithiúnas air. Faigheann na féilte seo na mílte cuairteoirí agus rinneadh an-chuid tuairiscí orthu sna meáin.

Fianaise bhreise ar chlu ‘*Slavonska kobasica*’ is ea go ndearnadh go leor staidéar ar theicníc táirgthe, ar cháilíocht agus ar chomhlíonadh *Slavonska kobasica*” leis na gceanglas sláinte agus sábháilteachta, ar foilsíodh a thorthaí in irisí eolaíoch creidiúnacha.

Sa téacsleabhar ollscoile *Tehnologija kulena i drugih fermentiranih kobasica* [teicníc táirgthe shalámaí *kulen* agus ispíní coipthe eile], atá ina léitheoireacht riachtanach ag dámha na teicneolaíochta bia, dírtítear caibidil ar fad ar an teicníc táirgthe le haghaidh “*Slavonska kobasica*” (D. Kovačević 2014, Dámh na Teicneolaíochta Bia, Osijek).

Dearbhaítear clú “*Slavonska kobasica*” freisin le suirbhé a rinneadh idir mí na Nollag 2016 agus mí Aibreáin 2017, a léiríonn na torthaí uaidh go n-aithníonn tomhaltóirí “*Slavonska kobasica*” mar cheann de na trí tháirge feola traidisiúnta nó cócaireachta is tábhachtaí de chuid na Slavóine agus Baranja (>80 %). Chomh maith leis sin, dúirt níos mó ná 70 % de na freagróirí go n-úsáidfeadh siad “*Slavonska kobasica*”* thar tháirgí feola eile ó ceantair eile, go príomha mar gheall ar an mblas sonrach spíosrach atá air agus lena ndéantar é a idirdhealú ó ispíní eile (53,57 %), a thraidisiún fada táirgthe (57,59 %) agus toisc go dtáirgtear é i réigiún na Slavóine agus Baranja (71,78 %) (*Izvrješće o provedbi anketnog ispitivanja tržišta potrebnog za izradu specifikacije proizvoda “SLAVONSKA KOBASICA”* [Tuarascáil ar an suirbhé margaidh a rinneadh chun críche na sonraíochta táirge le haghaidh “*Slavonska kobasica*”]).

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta

<https://poljoprivreda.gov.hr/UserDocsImages/dokumenti/hrana/zoi-zozp-zts/dokumenti-zoi-zozp-zts/SPECIFIKACIJA%20SLAVONSKA%20KOBASICA.pdf>
